ATOSÚ AN OIDEACHAIS

SEICLIOSTA LAETHÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

Tá seacht bpríomhréimse sa seomra ranga a chaithfidh an múinteoir a chuimhneamh orthu roimh agus i gcaitheamh gach lá.

1. Cuir iompar a bhaineann le sláinteachas maith chun cinn, cuir i gcás:
   a. cinntigh go nínn nó díghalraíonn na daltaí a lámha go rialta;
   b. cuir i gcuimhne dóibh nach mór sláinteachas riospráide maith a leanúint - déan casacht/ sraoth i gciarsúr nó uillinn agus seachain láimh a leagan ar an aghaidh.
2. Oscail na fuinneoga a mhinice agus is féidir chun aeráil a mhéadú a fhad agus a aithníonn tú an gá atá le teocht chompordach a chóiméad sa seomra.
3. Ba cheart bolgáin a choinneáil a sheasmhaí agus is féidir chun líon na dteagmhálaithe a laghdú agus aithint teagmhálaithe a dhéanamh níos éasca má dheimhnítear cás dearfach.
4. Lean an próiseas a bunaíodh i do scoil má cheapann tú go dtosaíonn dalta ag léiriú siomptam ar scoil. Áirítear leis na siomptaim sin casacht nua agus seasmhach, teocht ard nó caillteanas blais nó bolaidh.
5. Más i mblianta idir 8 agus 14 iad do dhaltaí, cuir i gcuimhne dóibh nach mór dóibh cumhdach aghaidhe a chaitheamh i ngach seomra ranga, pasáiste agus spás poiblí nuair is féidir leo chun cuidiú le gach duine a choinneáil slán.
6. Más i mblianta idir 12 agus 14 iad do dhaltaí, cuir i gcuimhne dóibh an tábhacht a bhaineann lena dtástálacha sreafa cliathánaigh a úsáid dhá uair sa tseachtain agus taifead a dhéanamh ar a dtorthaí.
7. Ba cheart do mhúinteoirí achar sóisialta a choinneáil eatarthu féin agus na daltaí a oiread agus is féidir. Ba cheart daltaí de gach uile aois a mholadh le scaradh go sóisialta óna chéile nuair is féidir, go háirithe le haghaidh blianta 11-14.

Bí feasach ar d'fholláine fhisiceach agus mheabhrach féin agus folláine do dhaltaí freisin, spreag na daltaí chun a gcuid imní a roinnt agus iarraidh ar chúnamh nuair is gá leis.

Cuimhnigh go bhfuil ról ag gach duine maidir lenár scoileanna a choinneáil sábháilte agus cuidiú le stop a chur le scaipeadh COVID-19.

ea Education Authority

NÍ MÓR DÚINN TEACHT AS SLÁN LE CHÉILE

TEORANNAIGH DO THEAGMHÁLAITHE SÓISIALTA | FAN ACAR ÓNA CHÉILE | CAITH CUMHDAIGH AGHAIDHE | NIGH DO LÁMHA

Department of Education
www.education-ni.gov.uk

TEASTAÍONN DO CHÚNAMH UAINN!

Tá ról ag gach duine maidir le stop a chur le scaipeadh COVID-19.

Is é seo an bealach is féidir leat cuidiú chun ár scoileanna a choinneáil sábháilte...

MÁ TÁ TÚ TINN, FAN SA BHAILE

Tá tinreamh rialta ar scoil an-tábhachtach, ach má tá tú tinn fan sa bhaile.
An bhfuil siomptóim COVID-19 ort? Ní mór duit tástáil a chur in áirithe.

CLÚDAIGH CASACHTAÍ AGUS SRAOTHANNA

Déan casacht isteach i d'uillinn, nó úsáid ciarsúr - agus déan cinnte go gcuireann tú na ciarsúir a úsáideann tú sa bhosca bruscair.

CLEACHT SCARADH SÓISIALTA

Déan iarracht thú féin a scaradh go sóisialta ó do mhúinteoirí agus do chairde a oiread agus is féidir leat.

COINNIGH GREIM AR DO RUDAÍ FÉIN

Níor cheart duit rudaí amhail stáiseanóireacht, bia agus deochanna a roinnt le do chairde.

NIGH DO LÁMHA

Nigh do lámha nuair a shroicheann tú an scoil gach lá agus i gcaitheamh an lae.

CAITH CUMHDACH AGHAIDHE

Ba cheart duit cumhdach aghaidhe a chaitheamh ar scoil agus ní mór duit cumhdach aghaidhe a chaitheamh ar iompar scoile agus poiblí *

*ach i gcás go mbaineann eisceacht le do chás féin.

OIBRÍMID LE CHÉILE CHUN SULT A BHAINT AS AN TÉARMA SCOILE NUA.

MÁ TÁ TÚ BUARTHA, LABHAIR LE TUISMITHEOIR, CÚRAMÓIR NÓ MÚINTEOIR.

Department of Education
www.education-ni.gov.uk

ATOSÚ AN OIDEACHAIS

NÍ MÓR DÚINN TEACHT AS SLÁN LE CHÉILE

TEORANNAIGH DO THEAGMHÁLAITHE SÓISIALTA | FAN ACAR ÓNA CHÉILE | CAITH CUMHDAIGH AGHAIDHE | NIGH DO LÁMHA